Plean Gníomhaíochta

An Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

2016 - 2021

Cosc

The National Office for the Prevention of Domestic, Sexual and Gender-based Violence

An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

Na Gníomhartha atá Beartaithe don Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021

Spriocanna Ardleibhéil

1. Cosc - Feasacht / Oideachas / Oiliúint

Múscailt feasachta
Gníomh 1.100

Oideachas agus oiliúint
Gníomhartha 1.200 – 1.800

2. Seirbhísí a Sholáthar d'Íospartaigh agus Déantóirí a Thabhairt chun Cuntais

Seirbhísí a Sholáthar d'Íospartaigh

Foréigean gnéasach
Gníomh 2.100

Foréigean baile
Gníomhartha 2.200 – 2.600

Foréigean baile agus gnéasach
Gníomhartha 2.700 – 2.1800

Déantóirí a Thabhairt chun Cuntais
Foréigean gnéasach
Gníomhartha 2.1900 – 2.2700

Foréigean baile
Gníomhartha 2.2800 – 2.3300

Foréigean baile agus gnéasach
Gníomhartha 2.3400 – 2.3900

3. Cur Chun Feidhme / Faireachán / Sonraí / Taighde

Cur chun feidhme agus faireachán

Gníomhartha 3.100 – 3.500

Sonraí agus taighde

Gníomhartha 3.600 – 3.1000

Aguisín 1 Coinbhinsiún Iostanbúl ó Chomhairle na hEorpa – gníomhartha breise

Gníomhartha 1 agus 2

Nótaí:
Baineann (CI) leis an Airteagal ábhartha de Choinbhinsiún Iostanbúl.
Baineann (Tuarascáil CGS) leis an Tuarascáil ar Imscrúdú Coireanna ó Chigireacht an Gharda Síochána

Sprioc Ardleibhéil 1
1. Cosc - Feasacht / Oideachas / Oiliúint

Múscailt feasachta

GNÍOMH 1.100

Feachtas comhleanúnach náisiúnta um múscailt feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'fhonn athrú dearcaidh agus sochaíoch a bhaint amach chun tacú le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc

An teachtaireacht náisiúnta a oiriúnú lena soláthar ar bhonn áitiúil

Leanúint de bheith ag obair le daoine sonracha, lena n-áirítear daoine lena mbaineann ardriosca, daoine imeallaithe agus daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu, agus leanúint de bheith ag obair le comhlachtaí gairmiúla ar mhúscailt feasachta

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc (ceannasaí), Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), an Garda Síochána, an Roinn Oideachais agus Scileanna, grúpaí ábhartha san earnáil dheonach agus pobail

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 1 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

Oideachas / Oiliúint

GNÍOMH 1.200

Cláir feasachta / oideachais ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a fhorbairt do bhunscoileanna ar bhealach atá oiriúnach d'aois agus d'ilchineálacht.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Oideachais agus Scileanna (ceannasaí) agus bunscoileanna i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha

Tréimhse ama
Ráithe 3 de 2016

GNÍOMH 1.300

Cláir feasachta / oideachais ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a fhorbairt do scoileanna dara leibhéal agus d'Ógtheagmháil ar bhealach atá oiriúnach d'aois agus d'ilchineálacht.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Oideachais agus Scileanna (ceannasaí), scoileanna dara leibhéal, agus Ógtheagmháil i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha

Tréimhse ama
Ráithe 3 de 2016

GNÍOMH 1.400

Cláir oideachais a fhorbairt do ghairmeacha agus do dhisciplíní ábhartha ag an tríú leibhéal

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Oideachais agus Scileanna, institiúidí tríú leibhéal, an líonra taighde iarchéime (féach gníomh 3.1000)

Tréimhse ama
Forbrófar an tréimhse ama a luaithe a bheidh an líonra taighde iarchéime ar bun.

GNÍOMH 1.500

Modúil oideachais agus oiliúna – idir oiliúint tosaigh agus oiliúint forbartha – a fhorbairt agus a chur ar fáil lena soláthar leanúnach do spriocghrúpaí sonracha san earnáil phoiblí (CI 15)

Comhlachtaí cur chun feidhme
Déanfaidh na heagraíochtaí seo a leanas cláir a fhorbairt agus a sholáthar do bhaill foirne ábhartha faoina gcoimirce:
An Garda Síochána, baill foirne na Seirbhíse Cúirteanna, an tSeirbhís Phromhaidh, Tusla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha de réir mar is cuí

Tréimhse ama
Críochnóidh an Garda Síochána an t-athbhreithniú ar a Bheartas um Idirghabháil san Fhoréigean Baile faoi ráithe 1 de 2016
Tabharfaidh sé sin eolas d'oiliúint a fhorbairt, lena n-áirítear comhoiliúint idirghníomhaireachta, do phearsanra an Gharda Síochána a bhíonn ag déileáil le foréigean baile agus le hionsaí gnéis faoi ráithe 4 de 2017
Tosófar ar oiliúint a chur ar fáil don Gharda Síochána i ráithe 1 de 2018 agus coinneofar í ar siúl thar théarma na Straitéise.

Faoi ráithe 4 de 2017, cuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna oiliúint ar fáil do bhaill foirne a bhfuil baint acu leis an dlí teaghlaigh a riar

Oiliúint do bhaill foirne ábhartha na Seirbhíse Promhaidh, a bheidh ar siúl go deireadh Chomhstraitéis na Seirbhíse Promhaidh/Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le mná i ráithe 4 de 2016 agus go deireadh Chomhstraitéis Sheirbhís Phríosúin na hÉireann/na Seirbhíse Promhaidh i ráithe 4 de 2017.i

Comhchur chuige a fhorbairt idir Tusla agus FSS – i gcomhar le heagraíochtaí is soláthraithe seirbhíse – maidir le hoiliúint a choimisiúnú do ghairmithe tosaigh i ngach gníomhaireacht, rud a chinnteoidh go bhfreagrófar ar bhealach comhsheasmhach, cuí agus inniúil ó thaobh cúrsaí cultúrtha do dhaoine a fhreastalaíonn ar na seirbhísí. Ba cheart díriú san oiliúint freisin ar chaighdeáin a chur ar bun, ar aghaidh a thabhairt ar fheabhas cáilíochta agus ar thorthaí a thomhas. Oiliúint a thosú faoi ráithe 2 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise.

GNÍOMH 1.600

a. Cineálacha straitéiseacha cur chuige a fhorbairt maidir le hoiliúint ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe laistigh de Tusla:
b. Cineálacha (inmheánacha agus seachtracha) cur chuige coimisiúnúcháin agus acmhainní gaolmhara a fhorbairt chun oiliúint ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a sholáthar
c. Aghaidh a thabhairt ar an soláthar reatha oideachais acadúil agus ghairmiúil i measc eagraíochtaí is soláthraithe seirbhíse chun measúnacht a dhéanamh ar bhearnaí, agus obair i gcomhar le comhpháirtithe acadúla agus le comhpháirtithe eile ar thionscnaimh arb é an aidhm atá leo bearnaí a shárú.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Tusla (ceannasaí), i gcomhar leis na soláthraithe seirbhíse d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh arna gcistiú ag Tusla

Tréimhse ama
a. Ráithe 1 de 2016
b. Ráithe 1 de 2016
c. Obair a thosú i ráithe 2 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 1.700

Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Institiúid um Léann Breithiúnach maidir leis na forálacha i dTreoir an AE maidir le hÍospartaigh a bhaineann le híospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh d'fhonn feasacht a mhúscailt i measc na breithiúnachta.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc

Tréimhse ama

Obair a thosú i ráithe 2 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar shaolré na Straitéise

GNÍOMH 1.800

Modúil oideachais / oiliúna – idir oiliúint tosaigh agus oiliúint forbartha – a fhorbairt agus a sholáthar lena soláthar leanúnach do chleachtóirí dlí (CI 15)

Comhlachtaí cur chun feidhme
Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann, Óstaí an Rí

Tréimhse ama
Modúil nua a chur ar fáil sa Chomhairle Bharra i ráithí 1 agus 2 de 2016 agus léachtaí gaolmhara nua a chur ar fáil i ráithe 4 de 2015 agus sa bhliain 2016, agus iad a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise.

Modúil a chur ar fáil sa Dlí-Chumann thar théarma na Straitéise agus acmhainní a chur ar fáil ar líne don phobal agus do chleachtóirí.

Nuashonróidh Óstaí an Rí a nDioplóma sa Staidéar Dlí agus a gcúrsa céime Abhcóide faoi ráithe 3 de 2016

Sprioc Ardleibhéil 2

2. Seirbhísí a Sholáthar d'Íospartaigh agus Déantóirí a Thabhairt chun Cuntais

Seirbhísí a Sholáthar d'Íospartaigh

Foréigean gnéasach

GNÍOMH 2.100

Meicníochtaí cuí a fhorbairt chun seirbhísí tacaíochta síceolaíche a choimisiúnú de réir na dTreoirlínte Náisiúnta ón Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis (an 3ú heagrán) le haghaidh íospartaigh foréigin ghnéasaigh a bhíonn ag freastal ar Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis.

Comhlachtaí cur chun feidhme

FSS, Tusla, i gcomhpháirt le heagraíochtaí is soláthraithe neamhrialtasacha seirbhíse.

Tréimhse ama
Ráithe 4 de 2016 agus ar aghaidh

Foréigean baile

GNÍOMH 2.200

An Bille um Fhoréigean Baile a achtú (CI 18.2, 52, 55(2), 56(1)(g) agus 56(1)(i))

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
Foilsíodh an scéim ghinearálta de Bhille um Fhoréigean Baile i mí Iúil 2015 agus cuireadh í faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas lena ghrinnscrúdú réamhreachtach.

An Bille a achtú faoi ráithe 1 de 2016

GNÍOMH 2.300

a. Treoir a fhorbairt d'údaráis áitiúla maidir leis na gnéithe beartais agus nós imeachta dá ról tithíochta, rud a chinnteoidh gur éifeachtach agus comhsheasmhach a bheidh freagairtí na n-údarás áitiúil. Sainaithneofar sna treoirlínte an dea-chleachtas agus an ról is féidir le húdaráis tithíochta a imirt maidir le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh foréigin bhaile, lena n-áirítear:

- measúnacht ar thacaí tithíochta sóisialta; agus
- forálacha a bhaineann le húinéirí reatha tí.

b. Seisiúin rannpháirtíochta a sholáthar d'údaráis tithíochta trí fhóram Líonra na bPríomhúdarás Náisiúnta chun a chinntiú go mbeidh príomhúdaráis ar an eolas faoi na treoirlínte thuas agus faoin ról is féidir le húdaráis tithíochta a imirt maidir le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh foréigin bhaile

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (ceannasaí), údaráis tithíochta

Tréimhse ama
a. Ráithe 1 de 2016
b. Ráithe 2 de 2016

GNÍOMH 2.400

Athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhar le spriocghrúpaí sonracha, ar na cineálacha reatha cur chuige agus ar na torthaí reatha maidir leis na ceisteanna foréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe atá in úsáid ag gach ball foirne i gcomhthéacsanna / timpeallachtaí difriúla pobail agus ospidéil:
Cosaint agus leas leanaí
Mná torracha,
Seirbhísí andúile,
Seirbhísí timpistí agus éigeandála,
Seirbhísí meabhairshláinte,
Seirbhísí cúraim phríomhúil
Seirbhísí máithreachais, agus
Seirbhísí cuimsithe shóisialta
Agus tuilleadh gníomhartha agus comhsheasmhacht cur chuige a chomhaontú de réir mar is cuí.

Comhlachtaí cur chun feidhme
FSS

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 3 de 2016 agus í a chríochnú i ráithe 1 de 2017

GNÍOMH 2.500

Tar éis gach tuairisce a fhaightear maidir le teagmhas Foréigin Bhaile, déanfaidh an ball imscrúdúcháin nó ball eile den Gharda Síochána arna cheapadh ag an Roinnchigire na nithe seo a leanas

a. glao pearsanta a chur ar an íospartach sa teagmhas laistigh de sheacht lá ón teagmhas, de réir bheartas an Gharda Síochána, d'fhonn:
b. cuireadh a thabhairt don íospartach ráiteas a thabhairt
c. measúnacht riosca níos grinne a dhéanamh más gá, agus
d. faisnéis a chur ar fáil ar sheirbhísí d'íospartaigh, ar orduithe Cúirte agus ar fhaisnéis bhreise de réir mar is cuí
e. an glao leantach sin agus aon ghníomhartha a thagann as an nglao a thaifeadadh ar an gcóras PULSE.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
Pointí a., b., d. agus e. i ráithe 1 de 2016
Pointe c. i ráithe 4 de 2016
TABHAIR FAOI DEARA: féach Gníomh 2.900 maidir le pointe c. thuas

GNÍOMH 2.600

Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla d'íospartaigh foréigin bhaile, agus cinneadh a dhéanamh ar cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear íospartaigh foréigin bhaile ar áireamh sa scéim nó cé acu a fheidhmeofar nó nach bhfeidhmeofar forchoimeádas i dtaca le hairteagal 30(2) de Choinbhinsiún Iostanbúl. (CI 5, 30(2), 30(3), 78(2))

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
Ráithe 2 de 2017

Foréigean baile agus gnéasach

GNÍOMH 2.700

An Treoir maidir le hÍospartaigh a chur chun feidhme (CI 7(1), 7(2), 56(1)(b), 56(1)(c), 56(1)(d), 56(1)(g))

Prótacail a fhorbairt le haghaidh íospartaigh a atreorú chuig seirbhísí tacaíochta agus ó sheirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí san earnáil stáit (CI 18)

Comhbhileog faisnéise ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh a fhorbairt agus a scaipeadh.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh, Tusla, eagraíochtaí san earnáil dheonach agus pobail

Tréimhse ama
An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2015 a achtú faoi ráithe 1 de 2016

Bileog faisnéise ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ón tSeirbhís Phromhaidh – ráithe 4 de 2017

Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna an tseirbhís tacaíochta teaghlaigh agus atreoraithe atá ar fáil faoi láthair i dTeach an Charnáin (na cúirteanna dlí teaghlaigh i mBaile Átha Cliath) a leathnú chuig tithe cúirte eile, faoi réir saoráidí a bheith ar fáil agus faoi réir comhar leanúnach a fháil ó eagraíochtaí san earnáil dheonach thar théarma na Straitéise.

GNÍOMH 2.800

Oibreoidh an Garda Síochána go dlúth le Cigireacht an Gharda Síochána maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí a bhaineann le beartas atá dírithe ar an íospartach agus le dea-chleachtais imscrúdaitheacha ó thaobh foréigean baile agus coireanna gnéasacha de, mar atá ar áireamh sa Tuarascáil ar Imscrúdú Coireanna dar dáta Dheireadh Fómhair 2014 ó Chigireacht an Gharda Síochána.

Beidh an obair sin ar an mbonn do ghníomhartha breise ón nGarda Síochána lena gcuimsiú sa dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021.

Comhlachtaí cur chun feidhme: An Garda Síochána

Tréimhse ama
Gníomhartha breise agus tréimhsí ama le comhaontú faoi ráithe 1 de 2016

GNÍOMH 2.900

Déanfaidh an Garda Síochána Maitrís Measúnachta Riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme go gach íospartach foréigin bhaile agus coire gnéasaí.
(CI 51, CI 5.2, Tuarascáil CGS 6.18, 10.5)

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
Ráithe 4 de 2016

GNÍOMH 2.1000

Cur leis an muinín atá ag pobail éagsúla agus ag pobail atá ag teacht chun cinn – amhail pobail den Lucht Siúil agus pobail Romach – as an dóigh a mbainistíonn an Garda Síochána cásanna Mí-Úsáide Baile agus Gnéasaí a mhéadú trí thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta agus pobail ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána (ceannasaí)

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 1 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 2.1100

Forbairt a dhéanamh ar idirghabhálacha cuí, fianaisebhunaithe agus spriocdhírithe i gcás foréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe i measc pobal lena mbaineann leochaileacht ar leith, lena n-áirítear imircigh, mná den Lucht Siúil agus mná sa phobal Romach, agus i measc daoine a bhfuil deacrachtaí mí-úsáide substaintí acu (féach gníomh 2.1000)

Comhlachtaí cur chun feidhme
FSS agus Tusla, i gcomhar le heagraíochtaí coimisiúnaithe is soláthraithe seirbhíse

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 2 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 2.1200

Soláthar seirbhíse líne chabhrach náisiúnta atá comhordaithe agus comhtháite a chur chun feidhme, rud ar a dtabharfar freagra ar shaincheisteanna a bhaineann le foréigean baile agus gnéasach:

a. Coimisiúnóidh Tusla dhá líne chabhrach 24 uair, ceann amháin d'fhoréigean baile agus an ceann eile d'fhoréigean gnéasach
b. Oibreoidh Tusla le heagraíochtaí is soláthraithe seirbhíse chun soláthar comhordaithe líne chabhrach a bhaint amach do chásanna foréigin bhaile

agus foréigin ghnéasaigh agus chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine a dteastaíonn cabhair nó faisnéis uathu
(CI 24)

Comhlachtaí cur chun feidhme
Coimisiúnóidh Tusla na línte i gcomhairle le geallsealbhóirí

Tréimhse ama
a. Ráithe 3 de 2016
b. Ráithe 4 de 2017

GNÍOMH 2.1300

Maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008 chun go n-áireofar tagairt do Choinbhinsiún Iostanbúl san Acht.

Sa chás go ndaingníonn tír nach comhalta de Chomhairle na hEorpa í Coinbhinsiún Iostanbúl, an tír sin a ainmniú faoi Choinbhinsiún Iostanbúl. (CI 62(3))

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Acht 2008 a leasú; an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun tíortha a ainmniú.

Tréimhse ama
Sonrófar an tréimhse ama don Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008 a leasú ag dáta níos déanaí.
Tíortha a ainmniú, más gá, tar éis d'Éirinn Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú.

GNÍOMH 2.1400

Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tiomanta d'fhaisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh foréigin a chuimsítear i gCoinbhinsiún Iostanbúl maidir le rochtain ar mheicníochtaí gearáin amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. (CI 21)

Comhlachtaí cur chun feidhme
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tréimhse ama
Le tosú tráth dhaingniú Choinbhinsiún Iostanbúl

GNÍOMH 2.1500

Struchtúir agus próisis a chur chun feidhme laistigh de Tusla d'fhonn comhordú níos fearr seirbhísí a bhaint amach, lena n-áirítear:

a. Struchtúir le haghaidh maoirseacht náisiúnta
b. Buiséad comhdhlúite náisiúnta agus líne chuntasachta aonair a chur chun feidhme laistigh de Tusla le haghaidh foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe
c. Rannpháirtíocht le comhpháirtithe in eagraíochtaí is soláthraithe seirbhíse chun eolas a thabhairt d'fhorbairtí ó thaobh rialachais de agus chun tacú le soláthar seirbhíse d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh

Comhlachtaí cur chun feidhme
Tusla

Tréimhse ama

a. Obair a thosú i ráithe 1 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise
b. Ráithe 1 de 2015
c. An chéim thosaigh a thosú faoi ráithe 4 de 2015 agus an obair a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 2.1600

Bunóidh Tusla cineálacha éifeachtacha cur chuige coimisiúnúcháin chun rochtain chothrom ar sheirbhísí agus torthaí dearfacha a bhaint amach. Córais agus phróisis chuí a chur chun feidhme le haghaidh coimisiúnúcháin, lena n-áirítear:

a. Ceantair a shainaithint inar féidir seirbhísí feabhsaithe cóiríochtbhunaithe agus for-rochtana a sholáthar d'íospartaigh foréigin bhaile, agus samhlacha comhtháite um sholáthar pobalbhunaithe seirbhíse a fhorbairt
b. Seirbhísí píolótacha for-rochtana a chur chun feidhme d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh i gceantair na Teorann agus Lár na Tíre ina bhfuil fadhbanna rochtana agus acmhainne, agus socruithe píolótacha rathúla a leabú isteach i seirbhísí inbhuanaithe.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Tusla, i gcomhar le gníomhaireachtaí coimisiúnaithe is soláthraithe seirbhíse

Tréimhse ama

a. Obair a thosú i ráithe 1 de 2016 agus cur chun feidhme suntasach a dhéanamh faoi ráithe 1 de 2018, agus an obair a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise
b. Obair a thosú i ráithe 1 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 2.1700

Dearbhú Cáilíochta
Caighdeáin a fhorbairt le haghaidh seirbhísí d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh chun a chinntiú go mbíonn seirbhísí d'íospartaigh/mharthanóirí foréigin bhaile agus ghnéasaigh ag teacht le creataí reachtacha agus rialála idirnáisiúnta agus go mbíonn siad bunaithe ar an dea-chleachtas. Cuirfidh an obair sin leis na forbairtí Dearbhaithe Cáilíochta agus caighdeán a rinneadh roimhe seo san earnáil foréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe agus forbrófar í ar aon dul le Creat Dearbhaithe Cáilíochta Tusla.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Tusla, i gcomhar le heagraíochtaí coimisiúnaithe is soláthraithe seirbhíse

Tréimhse ama
An tsraith tosaigh caighdeán – ráithe 1 de 2017
Na caighdeáin a chur chun feidhme de réir a chéile agus tosú ar an gcreat faireacháin i ráithe 4 de 2018 agus an obair sin a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 2.1800

Rannpháirtíocht le húsáideoirí seirbhíse
Áireofar le cineálacha cur chuige coimisiúnúcháin Tusla rannpháirtíocht le húsáideoirí seirbhíse/híospartaigh/marthanóirí mar chuid de sholáthar seirbhíse a phleanáil agus a mheas.

a. Meicníochtaí rannpháirtíochta le húsáideoirí seirbhíse a chur ar áireamh sna próisis choimisiúnúcháin don bhliain 2016
b. Tús a chur le tionscadal chun bonn eolais a bhunú le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach le daoine a úsáideann seirbhísí d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh
c. Tionscadal píolótach nó taispeána/tionscadail phíolótacha nó taispeána le haghaidh rannpháirtíocht le húsáideoirí seirbhíse
d. Tuilleadh forbairtí sonracha a shainaithint tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí ar ghníomhaíochtaí sa bhliain 2016
e. Creat le haghaidh meicníochtaí éifeachtacha agus láidre rannpháirtíochta le húsáideoirí seirbhíse a chur ar áireamh nuair a bhíonn seirbhísí d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh á gcoimisiúnú

Comhlachtaí cur chun feidhme
Tusla

Tréimhse ama
a. Ráithe 1 de 2016
b. Ráithe 2 de 2016
c. Ráithe 4 de 2016
d. Ráithe 3 de 2017
e. Ráithe 4 de 2018

Déantóirí a Thabhairt chun Cuntais

Foréigean gnéasach

GNÍOMH 2.1900

Reachtaíocht a fhorbairt agus a achtú chun neartú a dhéanamh ar na cosaintí a thugtar d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
Bille a fhoilsiú faoi ráithe 4 de 2015.

GNÍOMH 2.2000

Reachtaíocht a fhorbairt agus a achtú chun cosaintí breise a chur ar fáil maidir le bainistiú ar chiontóirí gnéis ciontaithe.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
Bille a fhoilsiú faoi ráithe 2 de 2016

GNÍOMH 2.2100

Rogha a thabhairt d'íospartaigh a atreoraíonn iad féin chuig aonaid chóireála d'ionsaithe gnéis chun scrúdú fóiréinseach a fháil agus chun ionsaí a thuairisciú, ar feitheamh cinnidh chun an t-ionsaí a thuairisciú don Gharda Síochána nó gan é a thuairisciú

Comhlachtaí cur chun feidhme
Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis agus FSS

Tréimhse ama
Ráithe 2 de 2016

GNÍOMH 2.2200

Bailiú sonraí ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a chothú laistigh d'aonaid chóireála d'ionsaithe gnéis chun bailiú sonraí cruinne faoi phríomhghníomhaíochtaí náisiúnta seirbhíse a chinntiú d'fhonn cabhrú le pleanáil seirbhíse agus le soláthar seirbhíse.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis agus FSS

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 1 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise.

GNÍOMH 2.2300

Tacú le hathbhreithniú agus le nuashonrú a dhéanamh ar *Éigniú / Ionsaí Gnéis: Treoirlínte Náisiúnta don Atreorúchán agus don Scrúdúchán Cliniciúil Fóiréinseach in Éirinn* ón aonad cóireála d'ionsaithe gnéis chun cúram ar ardchaighdeán agus soláthar barrmhaith seirbhíse a chinntiú ar aon dul leis an dea-chleachtas.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis, i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha

Tréimhse ama
An treoirlíne athbhreithnithe a fhoilsiú faoi ráithe 2 de 2018

GNÍOMH 2.2400

Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chláir phríosúin agus phobail do dhéantóirí foréigin ghnéasaigh

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh

Tréimhse ama
Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh ar aon dul leis an gcomhstraitéis uathu, ráithe 4 de 2017

GNÍOMH 2.2500

a. Déanfaidh an Oifig Náisiúnta um Measúnú Riosca agus Bainistíocht Ciontóirí Gnéis (SORAM) ceardlanna réigiúnacha a reáchtáil i gcomhar le foirne áitiúla SORAM
b. Forbróidh Oifig Náisiúnta SORAM lámhleabhar dea-chleachtais d'fhoirne áitiúla SORAM

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
a. Ráithe 3 de 2015
b. Ráithe 4 de 2016

GNÍOMH 2.2600

Cláir idirghabhála teiripí a fhorbairt do rannpháirtithe deonacha i gcláir foréigin ghnéasaigh do mhí-úsáideoirí neamhchiontaithe

Comhlachtaí cur chun feidhme
FSS agus One in Four, i gcomhar le Tusla

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 2 de 2016 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise.

GNÍOMH 2.2700

Cuirfidh an tSeirbhís Phromhaidh córas ar bun chun seirbhísí láithreacha idirghabhála agus ceartais aisiríoch atá cuí a chur ar fáil, rud trína soláthrófar cosaintí i gcásanna foréigin ghnéasaigh

Comhlachtaí cur chun feidhme
An tSeirbhís Phromhaidh

Tréimhse ama
Tús a chur leis an gcóras píolótach i ráithe 3 de 2015 agus é a choinneáil ar siúl go ráithe 3 de 2017
Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras píolótach faoi ráithe 2 de 2018

Foréigean baile

GNÍOMH 2.2800

Rochtain a mhéadú ar orduithe eatramhacha urchoisc – an Bille um Fhoréigean Baile (CI 52)

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
Foilsíodh an scéim ghinearálta de Bhille um Fhoréigean Baile i mí Iúil 2015 agus cuireadh í faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas lena ghrinnscrúdú réamhreachtach

An Bille a achtú faoi ráithe 1 de 2016

GNÍOMH 2.2900

Córas cúirteanna dlí teaghlaigh a chur ar bun

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tSeirbhís Chúirteanna

Tréimhse ama
Tá sé beartaithe an Scéim Ghinearálta de Bhille um Chúirteanna Teaghlaigh a fhoilsiú faoi ráithe 1 de 2016

GNÍOMH 2.3000

Coimpléasc cúirteanna teaghlaigh a chur ar bun ar Lána an Chrochaire i réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, áit a bpléifí le hábhair a bhaineann le foréigean baile agus a mbeadh seirbhísí tacaíochta earnála deonaí, cúnamh dlíthiúil agus seirbhísí eile ar fáil.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An tSeirbhís Chúirteanna

Tréimhse ama
Tá taighde á dhéanamh ar an méid seo faoi láthair. Soláthrófar na tréimhsí ama tar éis na tréimhse taighde.

GNÍOMH 2.3100

Cumhacht reachtach a thabhairt do bhreithiúna déantóirí foréigin bhaile a tharchur chuig cláir faoin mBille um Fhoréigean Baile (CI 18(2))

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (ceannasaí), an tSeirbhís Chúirteanna (an reachtaíocht nua a riar)

Tréimhse ama
Foilsíodh an scéim ghinearálta de Bhille um Fhoréigean Baile i mí Iúil 2015 agus cuireadh í faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas lena ghrinnscrúdú réamhreachtach

An Bille a achtú faoi ráithe 1 de 2016

GNÍOMH 2.3200

Leanúint ar aghaidh le cláir do dhéantóirí foréigin bhaile a fhorbairt le linn théarma na Straitéise trí na nithe seo a leanas:

a. measúnacht riosca a thabhairt isteach d'fhonn an cur chuige a oiriúnú do riachtanais daoine aonair,
b. cur chuige náisiúnta maidir le hábhar cláir a fhorbairt i measc soláthraithe

c. dhá chlár nua a thabhairt isteach sa bhliain 2016 agus clár nua amháin a thabhairt isteach gach bliain ina dhiaidh sin, agus
d. tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tacaíocht a thugtar do pháirtnéirí na ndéantóirí atá páirteach sna cláir

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc, i gcomhar le cláir do dhéantóirí foréigin bhaile. Beidh ról ag soláthraithe seirbhíse aonair sa tacaíocht do pháirtnéirí. Déanfaidh an tSeirbhís Phromhaidh idirchaidreamh le soláthraithe reatha maidir le cláir do dhéantóirí a sholáthar.

Tréimhse ama
a. Ráithe 4 de 2016
b. Ráithe 4 de 2016
c. An obair a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise
d. Ráithe 2 de 2017

GNÍOMH 2.3300

Beidh reachtaíocht tacaíochta ag teastáil chun baill den Gharda Síochána a chumasú ceamaraí coirp a chaitheamh agus a ghníomhachtú agus iad ag freagairt do theagmhais fhéideartha foréigin bhaile ionas gur féidir leo fianaise a bhailiú agus a úsáid de réir mar is cuí. Má achtaítear an reachtaíocht sin, beidh baill den Gharda Síochána in ann ceamaraí coirp a chaitheamh.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
An cás gnó ar son na reachtaíochta a chur isteach faoi ráithe 4 de 2015
Ráithe 2 de 2018 don Gharda Síochána (ag brath ar achtú na reachtaíochta)

Foréigean baile agus gnéasach

GNÍOMH 2.3400

Cinnteoidh an Garda Síochána freagairtí comhsheasmhacha agus gairmiúla do theagmhais mhí-úsáide baile agus gnéasaí, lena n-áirítear:

a. Athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagairtí an Gharda Síochána do theagmhais foréigin bhaile agus ghnéasaigh chun a chinntiú go mbíonn na freagairtí sin cuí, gairmiúil agus ag teacht leis an dea-chleachtas agus le beartas.
b. Úsáid mhéadaithe a bhaint as scileanna imscrúdaitheacha agus as nósanna imeachta bailiú fianaise chun tacú le híospartaigh agus chun líon na n-ionchúiseamh coiriúil a mhéadú.

c. Úsáid a bhaint as na próisis mheasúnachta riosca atá beartaithe (gníomhartha 2.500 agus 2.900)
d. Maoirseacht agus feasacht níos fearr a chinntiú ar an bhfreagracht atá ann athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar theagmhais agus a chinntiú go ndéantar bainistiú agus imscrúdú pras éifeachtach orthu.
e. Ciontóirí atitimeacha a shainaithint agus ateagmhais mhí-úsáide baile a bhainistiú (gníomh 2.3600)
f. Béim mhéadaithe a chinntiú ar chomhar idirghníomhaireachta agus comhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
Pointí a., b., d., e. agus f. faoi ráithe 3 de 2018
Pointe c. faoi ráithe 4 de 2016

GNÍOMH 2.3500

Forbróidh an Garda Síochána an acmhainn atá aige anailís a dhéanamh ar shonraí ó PULSE agus baileoidh sé fianaise ar dhea-chleachtas ó dhlínsí eile d'fhonn eolas a thabhairt do bheartais amach anseo ó thaobh idirghabháil foréigin bhaile agus imscrúdú coireanna gnéasacha de.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 2 de 2018 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise.

GNÍOMH 2.3600

Agus é ag obair le heagraíochtaí a thugann tacaíocht d'íospartaigh, díreoidh an Garda Síochána ar dhéantóirí atitimeacha foréigin bhaile agus coireanna gnéasacha d'fhonn coireanna a chosc agus a bhrath trí oibríochtaí luath-idirghabhála/ oibríochtaí atá bunaithe ar fhianaise.

Tríd an bhfeidhm faisnéise atá aige, is féidir acmhainní an Gharda Síochána a dhíriú ar dhéantóirí atitimeacha in ábhair nach mbaineann go díreach le foréigean baile ná le coireanna gnéasacha sa chás go meastar go bhfuil na déantóirí sin páirteach i ngníomhaíocht choiriúil eile freisin. Is féidir leis sin laghdú suntasach a dhéanamh ar an riosca atá ann d'íospartaigh foréigin bhaile agus choireanna gnéasacha toisc nach bhfuiltear ag brath ar an íospartach, agus nach bhfuil aon dualgas dlíthiúil ar an íospartach, ciorcal an

fhoréigin a bhriseadh. Soláthraíonn sé deis do ghníomhaireachtaí tacaíochta obair le híospartaigh agus tacaíocht a thabhairt dóibh freisin.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 4 de 2017 agus í a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise.

GNÍOMH 2.3700

Cuirfidh an Garda Síochána cláir do dhéantóirí foréigin bhaile agus ghnéasaigh chun cinn agus, nuair is gá, molfaidh sé do dhéantóirí páirt a ghlacadh i gcláir den sórt sin.

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Garda Síochána

Tréimhse ama
Ráithe 4 de 2017

GNÍOMH 2.3800

Reachtaíocht a rith do dhlínse sheach-chríochach sa chás go ndearna náisiúnach Éireannach nó duine a bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn ceann de na cionta seo a leanas:

- Cionta a thagann faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
- Cionta gnéasacha
- An cion nua a bhaineann le pósadh éigeantais (féach 2.3900 thíos)

Tá feidhm sheach-chríochach ag cionta a bhaineann le ciorrú ball giniúna ban.

Reachtaíocht a rith do dhlínse sheach-chríochach maidir leis na cionta thuas sa chás go ndearnadh an cion in aghaidh náisiúnach Éireannach nó duine a bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn

Diúltú d'airteagal 44.3 de Choinbhinsiún Iostanbúl maidir le deireadh a chur le prionsabal na coiriúlachta dúbailte.

A chinntiú go gcuimsítear i socruithe riaracháin saoránaigh AE agus saoránaigh neamh-AE a thuairiscíonn don Gharda Síochána coireanna a ndearna náisiúnach Éireannach nó duine a bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn iad, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil orthu an choir a thuairisciú sa tír ina ndearnadh í.

(CI 44)

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Sláinte, an Garda Síochána

Tréimhse ama

Ráithe 4 de 2017

GNÍOMH 2.3900

Cion sonrach a dhéanamh de phósadh éigeantais.

Cion nua a chruthú de chásanna ina mealltar duine fásta nó leanbh chuig críoch de chuid Páirtí nó Stáit seachas an ceann ina gcónaíonn sé nó sí d'fhonn iallach a chur d'aon ghnó ar an duine fásta nó ar an leanbh sin dul isteach i bpósadh
(CI 37(2))

Ba ghá cion indíotáilte a dhéanamh freisin d'aon chion nua a bhaineann le duine a mhealladh chuig críoch thar lear le haghaidh pósadh éigeantais (CI 37 agus 58).

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama

Ráithe 4 de 2017

Sprioc Ardleibhéil 3

3. Cur Chun Feidhme / Faireachán / Sonraí / Taighde

Faireachán / cur chun feidhme

GNÍOMH 3.100

Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise gach sé mhí

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 3 de 2016 agus í a dhéanamh gach dara agus ceathrú ráithe ina dhiaidh sin thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 3.200

Cáipéis bheo a bheidh sa Straitéis agus cuirfear gníomhartha léi de réir mar a thagann deiseanna chun cinn agus de réir mar a theastaíonn. Cuirfear deireadh le gníomhartha bunaithe ar na tuairisceáin faireacháin freisin.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Féadfaidh aon chomhlacht stáit nó aon chomhlacht san earnáil dheonach ar ball den struchtúr faireacháin é athrú ar ghníomh reatha, deireadh le gníomh reatha nó gníomh nua a mholadh i scríbhinn.

Tréimhse ama
An obair a choinneáil ar siúl thar théarma na Straitéise

GNÍOMH 3.300

Tuarascáil bhliantúil ar an gcleachtadh faireacháin a leagan i leabharlann an Oireachtais, tar éis don Rialtas ábhar na tuarascála a thabhairt faoi deara. (CI 70)

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc

Tréimhse ama
Obair a thosú i ráithe 2 de 2017 maidir leis an mbliain iomlán 2016, agus í a dhéanamh gach dara ráithe ansin go dtí an dara ráithe tar éis dheireadh na Straitéise.

GNÍOMH 3.400

Coiste faireacháin a chur ar bun don Straitéis, rud a bheidh comhdhéanta de na príomh-gheallsealbhóirí.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc

Tréimhse ama
Ráithe 1 de 2016

GNÍOMH 3.500

Grúpa Idir-rannach Maoirseachta ar an Straitéis a chur ar bun. Tabharfaidh an grúpa maoirseachta tuairisc don Choiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, de réir mar is gá.
(CI 7.3)

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc

Tréimhse ama
Ráithe 1 de 2016

Sonraí agus taighde
(Airteagal 28 den Treoir maidir le hÍospartaigh)

GNÍOMH 3.600

Ardchaighdeán bailiú sonraí agus anailís sonraí a bhunú i measc na ngníomhaireachtaí uile a bhíonn ag obair sa réimse foréigin bhaile agus ghnéasaigh, áit a mbeidh na tacair shonraí uile imdhealaithe de réir na nithe seo a leanas:

- Aois an íospartaigh agus an déantóra
- Inscne an íospartaigh agus an déantóra
- An caidreamh idir an t-íospartach agus an déantóir
- Eitneacht an íospartaigh agus an déantóra
- Aon mhíchumas atá ag an íospartach agus ag an déantóir

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc (ceannasaí), an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an tSeirbhís Phromhaidh, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis, Tusla. D'fhéadfaí ról a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí ina dhiaidh sin freisin.

Tréimhse ama
Comhaontófar faoi ráithe 3 de 2016 an tréimhse ama le haghaidh comhlíonta i measc eagraíochtaí difriúla.

GNÍOMH 3.700

Torthaí an tSainghrúpa ar Staitisticí Coireachta maidir le bailiú staitisticí coireachta a bhaineann le foréigean baile agus gnéasach ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) a chur chun feidhme nuair a bheidh obair an tSainghrúpa críochnaithe.

Comhlachtaí cur chun feidhme
Ag brath ar mholtaí an tSainghrúpa

Tréimhse ama
Ar aon dul le moltaí an tSainghrúpa

GNÍOMH 3.800

a. Sraith príomhtháscairí feidhmíochta a chur chun feidhme agus tacar sonraí bunúsach a bhailiú ó sheirbhísí cistithe d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh
b. Tionscadal a chur chun feidhme chun córais bhainistíochta eolais a fhorbairt le haghaidh seirbhísí d'íospartaigh foréigin bhaile agus ghnéasaigh
c. Forbairt a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta atá dírithe ar thorthaí

Comhlachtaí cur chun feidhme
Tusla (ceannasaí), i gcomhar le heagraíochtaí san earnáil dheonach

Tréimhse ama
a. Ráithe 4 de 2015
b. Tabharfaidh Céim 1, a gcuirfear tús léi i ráithe 1 de 2016, eolas d'fhorbairtí breise
c. Ráithe 1 de 2017

GNÍOMH 3.900

Cuirfidh POS staitisticí coireachta taifeadta ar fáil i gcásanna ina dtugtar Modus Operandi maidir le Foréigean Baile le fios

Comhlachtaí cur chun feidhme
POS (ceannasaí), an Garda Síochána

Tréimhse ama

Cuirfidh POS na staitisticí tosaigh ar fáil faoi dheireadh ráithe 1 de 2016. Eiseofar na staitisticí ar bhonn ráithiúil ina dhiaidh sin.

GNÍOMH 3.1000

Cabhrú le hinstitiúidí ábhartha tríú leibhéal líonra taighde iarchéime ar fhoréigean baile agus gnéasach a chur ar bun

Comhlachtaí cur chun feidhme
Cosc, i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal a bhfuil spéis acu sa líonra

Tréimhse ama
Líonra a chur ar bun faoi ráithe 1 de 2016
An plean oibre a choinneáil ar bun le linn shaolré na Straitéise

Aguisín 1 Coinbhinsiún Iostanbúl ó Chomhairle na hEorpa – gníomhartha breise

GNÍOMH 1

Tacaíocht a thabhairt do leanaí a fheiceann foréigean baile agus gnéasach (CI 18, 26)

a. Trí Meitheal, samhail Tusla um sholáthar seirbhíse do leanaí agus do theaghlaigh, a chur i bhfeidhm sa bhliain 2015, soláthrófar creat le haghaidh tuilleadh airde a thabhairt ar údair imní faoi leas leanaí, lena n-áirítear leanaí a fheiceann foréigean baile sa bhaile, agus le haghaidh tuilleadh freagrúlachta a thabhairt do na húdair imní sin. D'fhéadfadh go dtabharfaí tuilleadh deiseanna le haghaidh freagairtí feabhsaithe sna blianta romhainn má dhéantar Meitheal a fhorbairt ar bhonn leanúnach sa bhliain 2016.
b. Reachtaíocht a leagan síos chun gnéithe de Thús Áite do Leanaí a chur ar bhonn reachtúil, lena n-áirítear tuairisciú faoi shainordú a thabhairt do dhaoine aonair sonracha; príomhfhreagracht a bheith ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; agus an treoir agus an reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí: príomhfhreagracht a bheith ar Tusla (agus freagrachtaí suntasacha a bheith ar ranna, ar earnálacha, ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí as an treoir agus an reachtaíocht a chur chun feidhme agus cabhrú le Tusla ina leith sin).
c. Beidh Tusla ag iniúchadh bonn fianaise le haghaidh tacaí éifeachtacha do leanaí a fheiceann foréigean baile d'fhonn eolas a thabhairt don choimisiúnú seirbhísí.
d. Tacú le hiarrachtaí comhoibríocha idir FSS agus Tusla agus iad a chur chun cinn maidir lena chinntiú go bhfuil seirbhísí ábhartha FSS, lena n-áirítear CAMHS (Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh), Seirbhísí Míchumais agus seirbhísí teiripeacha eile, ar an eolas faoin tionchar a bhíonn ag foréigean baile nó gnéasach ar leanaí agus lena chinntiú go bhfuil siad ábalta freagairt ar bhealaí difriúla.

Comhlachtaí cur chun feidhme

Pointí a. agus c.: Tusla
Pointe b.: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/Tusla
Pointe d.: FSS (ceannasaí), i gcomhar le Tusla

Tréimhse ama

a. Obair a thosú faoi ráithe 4 de 2015, agus tuilleadh forbairtí a dhéanamh faoi ráithe 4 de 2016
b. Reachtaíocht a achtú faoi ráithe 4 de 2015 agus í a chur chun feidhme ina dhiaidh sin.
c. Obair a chríochnú faoi ráithe 4 de 2016 chun eolas a thabhairt don choimisiúnú faoi ráithe 2 de 2017
d. Obair a thosú agus í a chríochnú faoi ráithe 2 de 2018

GNÍOMH 2

Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht, faoi chreat dlí na hÉireann, a bhaineann leis an gcosaint dlí choitinn um smacht réasúnta a bhaint, ar cosaint í sin a bhféadfar leas a bhaint aisti in imeachtaí faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997, agus faoi alt 246 d'Acht na Leanaí, 2001, (CI 35).

Comhlachtaí cur chun feidhme
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (ceannasaí), i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Tréimhse ama
Ráithe 2 de 2016

---

i